Urramaítear go hiomlán sa togra cearta an linbh agus riachtanais speisialta daoine leochaileacha. Beidh na cosaintí dá bhforáiltear do leanaí agus do dhaoine leochaileacha sa togra le haghaidh na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha, lena n-áirítear i gcás ina gcaithfear coinneáil a chur i bhfeidhm, ar na húdaráis inniúla ar thús cadhnaíochta, lena n-áirítear i gcás inar gá coinneáil a chur i bhfeidhm. Agus na rialacha mionsonraithe éagsúla maidir le coinníollacha glactha á leagan síos, urramaítear leis an gcreat dá bhforáiltear sa togra seo na coimircí maidir le dínit an duine a chaomhnú i gcónaí i ngach cúinse.

Cosnaítear an ceart chun saoirse agus saoirse gluaiseachta ós rud é, má úsáidtear an choinneáil i gcomhthéacs an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú imirce agus tearmann, nach féidir é a chur i bhfeidhm ach amháin i gcreat a ndéantar dianrialú air agus ar feadh tréimhse teoranta. I gcomhréir le hAirteagal 7 den togra le haghaidh na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha, féadfaidh an Ballstát athmhúnlú ar shaoirse gluaiseachta iarratasóra d'fhonn iarratais a phróiseáil sa nós imeachta teorann. De réir an togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, ní chuirfidh na Ballstáit duine faoi choinneáil ar an gcúis amháin gur iarratasóir é nó í. Déantar foráil in Airteagal 8 den togra sin maidir leis na forais agus na coinníollacha coinneála, tar éis measúnú aonair a dhéanamh agus nuair nach féidir bearta eile nach bhfuil chomh sriantach céanna a chur i bhfeidhm, lena gceadaítear do na Ballstáit iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a choinneáil d'fhonn cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta, maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch. Foráiltear in Airteagal 8 freisin nach féidir leis na Ballstáit iarratasóir a choinneáil ach amháin mura féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach sin – amhail srianta ar shaoirse gluaiseachta faoi Airteagal 7 – a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Prionsabal an *non-refoulement* a chumhdaítear in Airteagal 33 de Choinbhinsiún 1951 maidir le Dídianaithe agus in Airteagal 19 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, urramaítear é nuair a chuirtear maoluithe ón Treoir athmhúnlaithe um Fhilleadh i bhfeidhm. Dá bhrí sin, meabhraítear sa togra go sainráite go bhfuil sé de dhualgas ar na Ballstáit an prionsabal sin a urramú i gcónaí chun a n-oibleagáid faoi rialú teorainneacha a chomhlíonadh. Agus prionsabal an *non-refoulement* á urramú, áirítear ann measúnú ar cibé acu an bhfuil baol

gárleanúna, céasta nó íde mídhanna nó táirí nó baol *refoulement* slabhra ann, nó nach bhfuil.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ós rud é go bhfuil cineál an togra seo nasctha le cás ina n-ionstraimítear imircigh, ní féidir an tionchar buiséadach a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas *a priori*. Déanfar freastal ar aon chostas a eascróidh as cur chun feidhme an togra seo laistigh de bhuiséad ionstraimí cistiúcháin an Aontais atá ann cheana faoin tréimhse 2021-2027 i réimse na hImirce agus an Tearmainn. I gcás ina bhfuil gá eisceachtúil leis, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na sásraí solúbthachta dá bhforáiltear faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093¹⁵ ón gComhairle.

Maidir leis na gnéithe a bhaineann leis an nós imeachta tearmainn, ní chuirfear aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas leis an togra seo. Dá bhrí sin, níl aon tionchar aige ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Úsáidfidh an Coimisiún an tuairisciú faoin 'Gréasán um an Treoirphlean Imirce' mar uirlis chun faireachán a dhéanamh ar an gcás agus déanfaidh sé moltaí, más gá, maidir le fadú nó scor na mbeart.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ábhar an togra chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina ndéantar imircigh a ionstraimiú

Leagtar amach in **Airteagal 1** ábhar an Rialacháin lena dtugtar aghaidh ar chásanna ionstraimithe imirceach i réimse na himirce agus an tearmainn laistigh den Aontas.

Nós imeachta bainistithe éigeandála tearmainn i staid ionstraimithe

Tugtar isteach le h**Airteagal 2**na rialacha sonracha a fhéadfaidh na Ballstáit a úsáid i gcás ionstraimithe imirceach faoi chuimsiú nós imeachta éigeandála bainistithe tearmainn.

Leagtar síos in **Airteagal 2(1)(a)** go bhféadfaidh an Ballstát a bhfuil ionstraimiú imirceach os a chomhair síneadh a chur leis an spriocdháta clárúcháin d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i ndáil le hiarratais ó náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a ghabhtar nó a aimsítear i gcóngar na teorann seachtraí leis an tríú tír lena ndéantar imircigh a ionstraimiú i dtaca le trasnú neamhúdaráithe nó tar éis dóibh iad féin a chur isteach ag pointí trasnaithe teorann, suas le ceithre seachtaine. Ba cheart tús áite a thabhairt do chlárú na gcásanna ar dócha go mbeidh bunús maith leo agus iarratais a dhéanann mionaoisigh neamhthionlactha, mionaoisigh agus a dteaghlaigh.

Le h**Airteagal 2(1)(b)** leagtar síos an fhéidearthacht don Bhallstát a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar staid ionstraimithe imirceach raon feidhme an nós imeachta teorann tearmainn a leathnú chun gach iarratasóir a chumhdach, trí gan aon chatagóir iarratasóirí a eisiáimh (seachas cásanna leighis de réir Airteagal 41(9)(c) den Rialachán leasaithe maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn). Soiléirítear freisin in **Airteagal 2(1)(b)** gur dócha go mbeidh bunús maith leis an iarratas nó go bhfuil an t-iarratas taiscthe ag mionaoisigh agus a dteaghlaigh,

¹⁵ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO 4331, 22.12.2020, lch. 11–22.

lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha, don scrúdú ar a n-iarratas, nuair is léir tar éis an scagtha nó tar éis an scrúdaithe sa nós imeachta teorann.

Le h**Airteagal 2(1)(c)**, ceadaítear do na Ballstáit an nós imeachta teorann dá bhforáiltear leis an Rialachán leasaithe maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse sé seachtaine déag, lena n-áirítear aon achomhairc, ar cheart cead a thabhairt don duine dul isteach sa chríoch ina dhiaidh sin ach amháin nuair a bhíonn an duine faoi réir filleadh.

Agus na maoluithe sin á gcur i bhfeidhm, leanfaidh cosaintí an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn d'fheidhm a bheith acu.

Coinníollacha Glactha Ábharacha

Le h**Airteagal 3** ceadaítear don Bhallstát rialacha mionsonraithe a shocrú maidir le dálaí glactha ábharacha atá éagsúil leis na cinn dá bhforáiltear san athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, ar choinníoll go n-áiritheoidh an Ballstát bunriachtanais an iarratasóra agus lánurraim do dhínit an duine.

Nós imeachta maidir le bainistiú ar fhilleadh éigeandála i staid ionstraimithe

Leagtar síos le h**Airteagal 4** go bhféadfaidh na Ballstáit maolú ar Airteagal 41d den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn agus ar chur i bhfeidhm athmhúnlú na Teorach um Fhilleadh i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ar diúltaíodh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar bhonn an nós imeachta bainistithe éigeandála tearmainn ag an teorainn i gcomhréir le h**Airteagal 2(1)** pointe (b) agus pointe (c). Is é is aidhm don mhaolú sásra atá cosúil le maolú a bhunú faoi Airteagal 2(2)(a) den athmhúnlú ar an Treoir um Fhilleadh. Áirítear sa togra na coimircí riachtanacha maidir leis an oibleagáid prionsabal an *non-refoulement* a urramú, leas an linbh, saol an teaghlaigh agus sláinte náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát a chur san áireamh, chomh maith leis na teorainneacha ar bhearta comhéigheacha a úsáid, aistriú a chur siar, cúram sláinte éigeandála, riachtanais daoine leochaileacha agus dálaí coinneála, agus cearta bunúsacha na ndaoine sin á n-urramú go hiomlán.

Tacaíocht agus bearta dlúthpháirtíochta a sholáthar i staid ionstraimithe

Foráiltear le h**Airteagal 5** go bhféadfaidh Ballstát bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a iarraidh ar Bhallstáit eile. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin na bearta uile a d'fhéadfaidh aghaidh a thabhairt ar ionstraimiú imirceach, lena n-áirítear bearta fothaithe acmhainneachta, bearta chun tacú le filleadh trí chomhar le tríú tíortha nó trí fhor-rochtain chuig tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh á n-ionstraimiú. Ba cheart don Bhallstát dá ndéantar difear iarraidh a chur chuig an gCoimisiún chun tacaíocht agus bearta dlúthpháirtíochta a iarraidh ar Bhallstáit eile.

Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit eile rannchuidiú ar mhaithe le Ballstát a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar ionstraimiú a fhreagraíonn do riachtanais an Bhallstáit sin agus déanfaidh sé na bearta sin a chomhordú a luaithe is féidir tar éis an iarraidh a fháil. Ina theannta sin, maidir le tacaíocht oibríochtúil, féadfaidh Ballstát a bhfuil staid ionstraimithe os a chomhair tacaíocht a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann¹⁶, ar an

¹⁶ Cuirfidh an EUAA cúnaimh ar fáil arna iarraidh sin don Bhallstát nó ar a thionscnamh féin (le comhaontú an Bhallstáit lena mbaineann) nó féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir le bearta a bheidh le déanamh, ar bhonn togra ón gCoimisiún i gcúinsí sonracha den sórt sin.

nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nó ar Europol i gcomhréir lena sainorduithe.

Coimircí sonracha

Leagtar síos in **Airteagal 6** ráthaíochtaí sonracha. Chun rochtain ar an nós imeachta tearmainn a ráthú, ba cheart don Bhallstát a bhfuil ag tabhairt aghaidh ar ionstraimiú imirceach náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a chur ar an eolas go cuí i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát, nó a shíltear le réasún go dtuigfidh sé, faoi na bearta arna gcur i bhfeidhm, faoi na pointí ag ar féidir leo iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú agus a chur isteach, go háirithe suíomh an phointe is gaire ag ar féidir leo clárú nó iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach, faoin deis achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh maidir leis an iarratas, agus faoi fhad na mbeart. Ina theannta sin, an Ballstát a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar ionstraimiú imirceach, níor cheart dó Airteagal 2, Airteagal 3 ná Airteagal 4 a chur i bhfeidhm níos faide ná an méid atá fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an gcás, agus in aon chás tráth nach faide ná an tréimhse a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Nós imeachta um údarú

Leagtar síos le h**Airteagal 7** an nós imeachta chun na maoluithe a údarú. Déanfaidh an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, ar cheart don Chomhairle glacadh leis ina leagfar amach na maoluithe a bheidh le cur i bhfeidhm. Ba cheart dáta tosaigh chur i bhfeidhm na maoluithe a leagan amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle chomh maith lena dtréimhse agus le cur i bhfeidhm sealadach an Chinnidh. Ba cheart iad a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí. Tá an Coimisiún leis an staid a choinneáil faoi shíorfhaireachán agus athbhreithniú, agus ar an mbonn sin, molfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaráítear cur i bhfeidhm na maoluithe sonracha a aisghairm nó Cinneadh Cur Chun Feidhme nua ón gComhairle a ghlacadh lena n-údaráítear síneadh a chur le cur i bhfeidhm na maoluithe.

Comhar agus athbhreithniú

Leagtar síos in **Airteagal 8** gur cheart don Choimisiún, do ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth lena chéile agus iad a chur ar an eolas go tráthrialta maidir le cur chun feidhme na mbeart, dá dtagraítear in Airteagal 7, a leagtar síos sa togra seo. Ní mór do na Ballstáit sonraí ábhartha a thuairisciú freisin, lena n-áirítear staidreamh tríd an Sásra Aontais um Ullmhacht Imirce agus Bainistiú Géarchéimeanna.

Ba cheart rochtain éifeachtach a bheith ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus ag eagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha eile ar an teorainn faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Treoir maidir le Coinníollacha Glactha (athmhúnlú) agus sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Ba cheart rochtain ar iarratasóirí, lena n-áirítear iad siúd ag an teorainn, a cheadú d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Ba cheart don Bhallstát a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar ionstraimiú imirceach oibriú i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena dtugtar aghaidh ar staideanna an ionstraimithe i réimse na himirce agus an tearmainn

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), (d) agus (f) agus Airteagal 79(2)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁷,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹⁸,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) D'fhéadfadh staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh a theacht chun cinn i gcás ina dtionscnaíonn tríú tír sreabha imirce neamhrialta isteach san Aontas trí ghluaiseacht náisiúnach tríú tír chuig teorainneacha seachtracha na mBallstát a spreagadh nó a éascú go gníomhach, is é sin isteach ina chríoch féin i dtosach báire nó ag teacht óna chríoch féin agus ansin ar aghaidh chuig na teorainneacha seachtracha sin, i gcás ina léiríonn na gníomhaíochtaí sin rún chun an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, agus i gcás ina bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a iomláine chríochach, caomhnú rialach agus reachta, nó cosaint a shlándála náisiúnta.
- (2) Is toradh é an Rialachán seo ar an gcuireadh ón gComhairle Eorpach chuig an gCoimisiún ina conclúidí an 22 Deireadh Fómhair 2021 aon athrú riachtanach ar chreat dlíthiúil an Aontais agus aon bheart nithiúil a mholadh chun freagairt láithreach agus iomchuí ar an mbagairt hibrideach a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Thairis sin, cuidíonn sé le creat cuimsitheach buan a bhunú chun na huirlisí is gá a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann chun freagairt go héifeachtach agus go pras do staid ionstraimithe, agus cearta bunúsacha agus oibleagáidí idirnáisiúnta á n-urramú ina n-iomláine.
- (3) Ar cheann de na huirlisí sin atá sa Rialachán seo, tá tabhairt isteach nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú imirce agus tearmann lena bhféadfaí na Ballstáit leas a bhaint as uirlisí dlíthiúla chun aghaidh a thabhairt ar staideanna a bheidh amach anseo ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh.
- (4) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 1, 4, 7, 24,

¹⁷ IO C , , lch. .

¹⁸ IO C , , lch. .

18 agus 19(2) agus (2) de, chomh maith le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun léiriú a thabhairt, go háirithe, ar an bpríomhchomaoin nach mór a thabhairt do leas an linbh, ar an ngá atá ann saol an teaghlaigh a urramú, agus chun cosaint shláinte na ndaoine lena mbaineann a áirithiú, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha agus coimircí sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le mionaoisigh neamhthionlactha mar aon le mionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh, agus maidir le hiarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht shonrach agus leordhóthanach uathu i ngeall ar a riocht sláinte. Ba cheart go leanfadh na rialacha agus na ráthaíochtaí atá leagtha amach i Rialachán (AE) XXX/XXX¹⁹ [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*] d'fheidhm a bheith acu maidir le daoine atá faoi réir an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo. Na rialacha atá leagtha amach i dTreoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha*]²⁰, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a choinneáil, ba cheart iad a bheith infheidhme fós, ón tráth a dhéantar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar aghaidh, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo.

- (5) Maidir le Ballstát atá ag dul i ngleic le staid an ionstraimithe, chun cuidiú leis an mBallstát sin bainistiú ordúil a dhéanamh ar na sreafaí, faoin nós imeachta éigeandála um bainistiú tearmainn, ba cheart an Ballstát lena mbaineann a bheith in ann cinneadh a dhéanamh i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don teorainn sheachtrach leis an tríú tír atá ag déanamh ionstraimiú ar imircigh tar éis trasnú neamhdhleathach nó tar éis dóibh iad féin a chur i láthair ag pointí trasnaithe teorann, cinneadh maidir le gan iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú ach ag pointí sonracha clárúcháin arna n-ainmniú chun na críche sin ar pointí iad atá suite i ngaireacht don teorann, agus féidearthacht éifeachtach a sholáthar gan iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach ach amháin ag na pointí sonracha atá ainmnithe chun na geríoch sin, pointí ar cheart rochtain éasca a bheith orthu. Ní mór fíor-rochtain éifeachtach ar an nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun na críche sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar líon leordhóthanach pointí clárúcháin, a bhféadfadh pointí trasnaithe teorann a bheith ar áireamh iontu, a ainmniú agus a oscailt chun na críche sin. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas go cuí faoi na háiteanna ina gclárófar a n-iarratas agus inar féidir iad a chur isteach.
- (6) I staid ina bhfuil ionstraimiú a dhéanamh ar imircigh, tá sé fíor-riachtanach cosc a chur ar dhul isteach na ndaoine sin nach gcomhlíonann coinníollacha maidir le dul isteach, agus cosaint na gcearta bunúsach a áirithiú an tráth céanna. Chun a áirithiú go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag an mBallstát atá ag dul i ngleic le staid den chineál sin agus chun nach ndíreoidh tríú tír naimhdeach ar náisiúntachtaí sonracha nó ar chatagóirí sonracha náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát, ba cheart é a bheith indéanta don Bhallstát lena mbaineann, faoin nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú imirce agus tearmainn a leagtar amach sa Rialachán seo, cinneadh a dhéanamh faoi chuimsiú nós imeachta teorann, mar a leagtar amach in Airteagal 41 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*] maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh tríú tír nó ó dhaoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don tríú tír tar éis dóibh dul isteach go neamhdhleathach nó tar éis dóibh dul chomh fada leis na pointí

¹⁹ IO C , , lch. .

²⁰ IO C , , lch. .

trasnaithe teorann. Ní mór na prionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*] a urramú.

- (7) I gcás ina gcuirfear i bhfeidhm an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn, ba cheart do na húdaráis inniúla tús áite a thabhairt do leas an linbh agus do na coimircí d'iarratasóirí a bhfuil riocht sláinte orthu. Ar an gcúis sin, ba cheart don Bhallstát atá ag tabhairt aghaidh ar staid an ionstraimithe cásanna a eisiamh ón nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn nuair atá cúiseanna leighis ann gan an nós imeachta teorann a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 41(9)(c) de Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]. Ba cheart sin a bheith amhlaidh freisin má thagann na fadhbanna sláinte chun solais agus an t-iarratas á scrúdú. Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt do scrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine ar dócha go mbeidh bunús maith lena n-éilimh, nó ó mhionaoisigh agus óna mbaill teaghlaigh, agus ó mhionaoisigh neamhthionlactha. Má thagann sé chun solais, le linn an scagtha faoi Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Scagadh*]²¹ nó le linn an t-iarratas a scrúdú, go bhfuil ráthaíochtaí nós imeachta speisialta de dhíth ar iarratasóir, agus nach féidir tacaíocht leormhaith a chur ar fáil i gcomhthéacs an nós imeachta ag an teorainn, i gcomhréir le hAirteagal 41(9)(b) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], níor cheart don Bhallstát lena mbaineann an an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn a chur i bhfeidhm ag an teorainn, nó ba cheart dó scor den nós imeachta sin a chur i bhfeidhm.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 8(3)(d) de Threoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha*], féadfar iarratasóir a choinneáil chun cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta, maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch. Foráiltear in Airteagal 8(2) den Treoir sin freisin nach féidir leis na Ballstáit iarratasóir a choinneáil ach amháin mura féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigheach sin – amhail srianta ar shaoirse gluaiseachta faoi Airteagal 7 – a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ba cheart na rialacha agus na coimircí maidir le coinneáil a leagtar amach i dTreoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Dálaí Glactha*] a urramú, go háirithe iad siúd a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha agus le mionaoisigh agus a dteaghlaigh. D'fhéadfadh roghanna malartacha ar choinneáil, amhail srianta ar an tsaoirse gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha*], a bheith chomh héifeachtach le coinneáil i staid ina bhfuil ionstraimí á dhéanamh ar imircigh agus dá bhrí sin ba cheart do na húdaráis iad a mheas, go háirithe i gcás mionaoiseach. I gcás ar bith, má chuirtear coinneáil i bhfeidhm agus mura gcomhlíontar na ráthaíochtaí agus na coinníollacha coinneála nó mura féidir iad a chomhlíonadh ag an teorainn, níor cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn nó níor cheart fheidhm a bheith aige a thuilleadh, mar a fhoráiltear in Airteagal 41(9)(d) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn*].
- (9) I staid ina bhfuil ionstraimí á dhéanamh ar imircigh, ba cheart go bhféadfadh an Ballstát lena mbaineann iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú laistigh de thréimhse shínte ceithre seachtaine. Ina theannta sin, ba cheart a bheith in ann scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an teorainn ar feadh uastréimhse 16 seachtaine. An cinneadh maidir leis an iarratas, lena n-áirítear cinneadh maidir le hachomharc a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne cinneadh diúltach, rud nár cheart

²¹ IO C , , lch. .

éifeacht fionraíochta uathoibríoch a bheith aige, mura ndéanfar an cinneadh sin laistigh de 16 seachtaine, ba cheart dul isteach sa chríoch a dheonú, ach amháin má tá an duine faoi réir an nós imeachta um fhilleadh. Ceapadh na hamlínte nós imeachta sin chun cabhrú leis an mBallstát lena mbaineann déileáil leis an ionstraimiú imirceach. I gcás ina mbeidh Ballstát ag dul i ngleic le staid den chineál sin, ní mór don Bhallstát lena mbaineann acmhainní a atreorú chun bainistiú a dhéanamh ar na náisiúnaigh tríú tír atá ag baint a dteorainneacha amach nó atá ar a chríoch cheana féin. Mar thoradh air sin, i staideanna den chineál sin, d'fhéadfadh am a bheith ag teastáil ón mBallstát lena mbaineann chun a chuid acmhainní a atheagrú agus chun a acmhainneacht a mhéadú, lena n-áirítear le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais. Ina theannta sin, beidh líon na n-iarratasóirí a dhéanfaidh iarratas faoin nós imeachta teorann níos airde ná mar is gnáth, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama ag teastáil ón mBallstát atá ag dul in glic leis an ionstraimiú chun cinntí a dhéanamh gan cead a thabhairt dul isteach sa chríoch. Mar sin féin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt do chlárú iarratais na gcásanna a bhfuil bunús maith leo agus do chlárú na n-iarratas ó mhionaoisigh neamhthionlactha agus ó mhionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh.

- (10) Ní mór aon ghníomhaíocht fhoréigineach ag an teorainn a sheachaint ar ais nó ar éigean, ní hamháin chun iomláine chríochach agus slándáil an Bhallstáit atá ag dul i ngleic leis an ionstraimiú a chosaint ach chun slándáil agus sábháilteacht na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát a áirithiú freisin, lena n-áirítear teaghlaigh agus leanaí atá ag fanacht lena ndeis iarratas a dhéanamh ar thearmann san Aontas go síochánta. I gcás ina mbeidh ar an mBallstát lena mbaineann dul i ngleic le gníomhaíochtaí foréigineacha ag a theorainneacha seachtracha, lena n-áirítear i gcomthéacs iarrachtaí náisiúnach tríú tír teacht isteach ina slua gan chead agus modhanna foréigineacha díreireacha a úsáid, ba cheart an Ballstát lena mbaineann a bheith in ann na bearta is gá a dhéanamh i gcomhréir lena dhlí náisiúnta chun an tslándáil, an dlí agus an t-ord a chaomhnú agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.
- (11) I gcás ina mbeidh ar Bhallstát aghaidh a thabhairt ar shreabhadh náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát ag an teorainn de bharr ionstraimithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ballstát in ann na dálaí glactha ábharacha a theastaíonn de ghnáth a áirithiú sa chleachtas toisc go bhféadfadh acmhainneachtaí an Bhallstáit a bheith faoi bhrú rómhór. Ar an gcúis sin, i staid an ionstraimithe, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann módúlachtaí le haghaidh dálaí glactha ábharacha a leagan síos atá éagsúil ó na módúlachtaí dá bhforáiltear i dTreoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha] i gcásanna seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagal 17(9) den Treoir sin, agus an tráth céanna dídean shealadach a sholáthar do náisiúnaigh tríú tír agus do dhaoine gan stát, dídean ba cheart a chur in oiriúint do na dálaí aimsire séasúracha, agus a riachtanais bhunúsacha a chumhdach, go háirithe trí bhia, uisce, éadach, cúram leighis leormhaith, agus cúnamh a sholáthar do dhaoine leochaileacha, agus lánurraim á tabhairt do cheart chun dínit an duine. Gan dochar do na hoibleagáidí ar na Ballstáit a leagtar amach sa Rialachán seo i ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh rochtain ar chúnamh daonnúil agus ba cheart dóibh ligean do na heagraíochtaí daonnúla cúnamh daonnúil a chur ar fáil i gcomhréir leis na riachtanais atá ag na daoine lena mbaineann cheana féin.
- (12) Chun an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn ag an teorainn sheachtrach a chomhlánú agus a áirithiú, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt d'údarais inniúla an Bhallstáit atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur i gcrích, tar éis nós

imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn a chur i bhfeidhm. Ar an gcúis sin, i staid an ionstraimithe, ba cheart cead a bheith ag an mBallstát lena mbaineann maolú ar chur i bhfeidhm Threoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh*]²² i dtaca le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát ar diúltaíodh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn mar a leagtar amach sa Rialachán seo. I gcás ina ndéantar iarratas ina dhiaidh sin díreach chun moill nó bac a chur ar an bhfilleadh, is féidir leis na Ballstáit na rialacha a leagtar amach in Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*] a chur i bhfeidhm. Tá na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann maolú ar chur i bhfeidhm Threoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh*] de bhua Airteagal 2(2)(a) den Treoir sin, i dtaca le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach agus a ghabhtar i dtaca le trasnú mírialta teorann seachtraí Ballstáit ar tír, ar muir nó san aer agus nach bhfuair údarú nó ceart fanachta faighte acu ina dhiaidh sin sa Bhallstát sin.

- (13) Agus an maolú á chur i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm Threoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh*], ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go n-urramófar go hiomlán Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus a n-oibleagáidí idirnáisiúnta. Áirítear leis sin go n-urramófar prionsabal an *non-refoulement* ina iomláine agus aird chuí a thabhairt ar leas an linbh, saol an teaghlaigh agus ar riocht sláinte an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, mar a leagtar amach i gcás maoluithe eile sa Treoir um Fhilleadh. Ní mór don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú freisin nach lú fabhar an chóireáil agus an leibhéal cosanta i ndáil le srianta ar bhearta comhéigheacha a úsáid, aistriú a chur siar, cúram sláinte éigeandála agus riachtanais daoine leochaileacha agus dálaí coinneála, ná mar a leagtar amach i dTreoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh*].
- (14) I gcás ina gcuireann Ballstát ceann amháin nó níos mó de na bearta atá sa Rialachán seo i bhfeidhm, ba cheart don Bhallstát é sin a chur in iúl do náisiúnaigh tríú tír agus do dhaoine gan stát. Go háirithe, ba cheart don Bhallstát atá ag dul i ngleic leis an ionstraimiú náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a chur ar an eolas i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát, nó teanga a síltear le réasún go dtuigfidh sé, faoi na maoluithe arna gcur i bhfeidhm, faoi na pointí ag ar féidir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú agus a chur isteach, go háirithe suíomh na bpointí is gaire ag ar féidir a n-iarratas a chlárú agus a chur isteach, faoin deis achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh maidir leis an iarratas, agus faoi fhad na mbeart.
- (15) I gcás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ag an mBallstát atá ag dul i ngleic le staid an ionstraimithe bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a iarraidh ar Bhallstáit eile, ar bearta iad is oiriúnaí dá riachtanais chun staid an ionstraimithe a bhainistiú. D'fhéadfadh gach cineál birt tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a bheith i gceist chun aghaidh a thabhairt ar staid an ionstraimithe, lena n-áirítear bearta forbartha acmhainneachta, tacaíocht maidir le fillleadh, tacaíocht maidir le gné sheachtrach na géarchéime agus bearta atá dírithe ar fhreagairt do staid an ionstraimithe trí chomhar le tríú tíortha nó trí fhor-rochtain chuig tríú tíortha a bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar a náisiúnaigh.
- (16) Ba cheart cuireadh a thabhairt do na Ballstáit eile nach bhfuil ag dul i ngleic le staid an ionstraimithe iad féin rannchuidiú chun leas Ballstáit atá ag dul i ngleic le staid an ionstraimithe trí bhithin bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhreagraíonn do na

²² IO C , , lch. .

riachtanais sainaitheanta. Ba cheart don Choimisiún comhordú a dhéanamh ar na bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta sin a luaithe is féidir tar éis dó an iarraidh a fháil ón mBallstát atá ag dul i ngleic le staid an ionstraimithe.

- (17) Féadfaidh Ballstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh tacaíocht a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nó ar Europol i gcomhréir lena sainorduithe. De réir mar is iomchuí, féadfaidh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann cúnadh a mholadh ar a tionscnamh féin i gcomhréir le hAirteagal 16(1)(d) de Rialachán XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann*], agus féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnadh a mholadh i réimse an fhille i gcomhréir le hAirteagail 48, 50, 52 agus 53 de Rialachán (AE) 2019/1896 i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann agus féadfaidh Europol cúnadh a mholadh i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/794.
- (18) Má iarrann an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear i bhfeidhm na maoluithe ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo, agus é á chur san áireamh ar thug an Chomhairle Eorpach aitheantas go bhfuil an tAontas nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra a thabhairt ar aghaidh lena n-údarófar do Bhallstát na rialacha maolaitheacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Chun ardleibhéal grinnscrúdúcháin pholaitiúil agus tacaíochta polaitiúla a áirithiú agus chun treisiú a dhéanamh ar léiriú dhlúthpháirtíochta an Aontais i leith an Bhallstáit atá ag dul i ngleic le hionstraimiú imirceach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh lena n-údaráitear do na Ballstáit rialacha maolaitheacha a chur i bhfeidhm.
- (19) Ba cheart a áireamh sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle údarú na maoluithe sonracha a d'fhéadfadh an Ballstát a chur i bhfeidhm ar Ballstát é atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, agus an dáta a shocrú óna mbeidh feidhm acu, mar aon leis an bhfad a mbeidh feidhm acu.
- (20) Chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann an cúnadh is gá a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí um fhilleadh deonach a chur chun cinn nó trína dhualgais dhaonnúla a chur i gcrích, ba cheart rochtain éifeachtach a bheith ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha eile, go háirithe an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, ba cheart rochtain éifeachtach a bheith acu ar an teorainn faoi na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha*] agus i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]. I gcomhréir le Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], ba cheart rochtain ar iarratasóirí, lena n-áirítear iad siúd atá ag an teorainn, a cheadú d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Chun na críche sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann oibriú i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha.
- (21) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh

ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

NÓ

[I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn (le litir an ...) gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

- (22) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha de mhaolú ar na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], i dTreoir (AE) XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha*] agus i dTreoir (AE) XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh*] a bhféadfaidh Ballstát a chur i bhfeidhm i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(27)] de Chód Teorainneacha Schengen nuair is gá sin chun freagairt do staid den chineál sin. Foráiltear ann freisin do rialacha sonracha maidir le bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhéadfar a dhéanamh sa chás sin.

CAIBIDIL II

An nós imeachta éigeandála i ndáil le himirce agus tearmann i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh

Airteagal 2

An nós imeachta éigeandála i ndáil le himirce agus tearmann i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh

1. I staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh mar a thagraítear dó sin in Airteagal 1, Ballstát atá ag dul i ngleic le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bheith ag teacht chuig a theorainn sheachtrach mar thoradh ar staid den chineál sin, féadfaidh an Ballstát sin ceann amháin nó níos mó de na maoluithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a ghabhtar nó a aimsítear i ngairacht don teorainn sheachtrach leis an tríú tír bhfuil ionstraimiú ar imircigh á dhéanamh aige i dtaca le trasnú neamhúdraithe, nó maidir le daoine a

théann chomh fada le pointí trasnaithe teorann, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6:

- (a) de mhaolú ar Airteagal 27 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú arna ndéanamh laistigh den tréimhse ina ndéantar an pointe seo a chur i bhfeidhm tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis an t-iarratas a dhéanamh.

Agus an maolú seo á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht do chlárú na n-iarratas ar dócha go mbeidh bunús maith leo agus do chlárú na n-iarratas ó mhionaoisigh neamhthionlactha agus ó mhionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh.

- (b) de mhaolú ar Airteagal 41(2)(a) agus (b) agus ar Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán leasaithe maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], cinneadh a dhéanamh ag a dtéarmaí nua nó ag a gciosanna idirthurais maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile a chláraítear laistigh den tréimhse ina gcuirtear an pointe seo i bhfeidhm.

Agus an maolú sin á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht don scrúdú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ar dócha go mbeidh bunús maith leo agus do scrúdú na n-iarratas sin arna gcur isteach ag mionaoisigh neamhthionlactha agus ag mionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh.

- (c) de mhaolú ar Airteagal 41(11) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], 16 seachtaine a bheidh in uasfhad an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn chun scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais a chláraítear laistigh den tréimhse a gcuirtear an pointe seo i bhfeidhm lena linn. I ndiaidh na tréimhse sin, ar choinníoll nach bhfuil an t-iarratasóir faoi réir an nós imeachta um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 4, údarófar don iarratasóir dul isteach ar chríoch an Bhallstáit chun an nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta a thabhairt chun críche.

2. I gcás ina gcuirtear an tAirteagal seo i bhfeidhm, beidh feidhm ag prionsabail agus ráthaíochtaí Rialachán (AE) Uimh. XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*].

Airteagal 3

Dálaí Glactha Ábharacha

De mhaolú ar Threoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha*], agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6, an Ballstát atá ag dul i ngleic náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bheith ag teacht chuig a theorainn sheachtrach mar thoradh ar ionstraimiú imirceach, féadfaidh sé módúlachtaí a leagan síos go sealadach maidir le dálaí glactha ábharacha atá éagsúil ó na cinn dá bhforáiltear in Airteagail 16 agus 17 den Treoir sin i ndáil le hiarratasóirí a ghabhtar nó a aimsítear i ngaireacht don teorainn leis an tríú tír a bhfuil ionstraimiú ar imircigh á dhéanamh aige i dtaca le trasnú neamhúdaraithe nó, nó i ndáil le hiarratasóirí a théann chomh fada le pointí trasnaithe teorann, ar daoine iad atá faoi réir na mbeart in Airteagal 2 den Rialachán seo, ar choinníoll go gcumhdaíonn na Ballstáit sin bunriachtanais na n-iarratasóirí, go háirithe bia, uisce, éadach, cúram leighis leormhaith, agus dídean shealadach atá oiriúnaithe do na dálaí aimsire séasúracha, agus lánurraim á tabhairt do cheart chun dínit an duine.

Airteagal 4

An nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú ar fhilleadh i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh

I staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6, an Ballstát atá ag dul i ngleic le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bheith ag chuig a theorainn sheachtrach mar thoradh ar ionstraimiú imirceach, i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach agus ar diúltaíodh a n-iarratais i gcomhthéacs an nós imeachta éigeandála i ndáil le bainistiú tearmainn ag an teorainn i gcomhréir le hAirteagal 2(1) pointí (b) agus (c), ar daoine iad nach bhfuil an ceart fanachta acu agus nach bhfuil cead fanachta acu, féadfaidh an Ballstát sin cinneadh a dhéanamh gan Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] agus Treoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh] a chur i bhfeidhm. I gcás ina dtéitear i muinín an mhaolaithe sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an méid seo a leanas:

- (a) Prionsabal an *non-refoulement* a urramú, agus an aird chuí a thabhairt ar leas an linbh, ar shaol an teaghlaigh agus ar shláinte an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh];
- (b) a áirithiú nach lú fabhar dóibh an chóireáil agus an leibhéal cosanta atá acu ná mar a leagtar amach in Airteagal 10(4) agus (5) (Srianta ar bhearta comhéigheacha a úsáid), Airteagal 11(2)(a) – (aistriú a chur siar), Airteagal 17(1)(b) agus (d) [cúram sláinte éigeandála agus riachtanais daoine leochaileacha á gcur san áireamh], agus Airteagail 19 agus 20 (coinníollacha coinneála agus coinneáil mionaoiseach agus teaghlach) de Threoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh].

Airteagal 5

Beara tacaíochta agus dlúthpháirtíochta

1. I gcás ina bhfuil Ballstát ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, féadfaidh sé bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a iarraidh ar Bhallstáit eile chun an staid sin a bhainistiú. D'fhéadfadh na cineálacha ranníocaíochtaí seo a leanas a bheith san áireamh i ranníocaíochtaí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta chun leas Ballstáit atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh:
 - (a) bearta fothaithe acmhainneachta i réimse an tearmainn, an ghlactha nó an fhillte;
 - (b) tacaíocht oibríochtúil i réimse an tearmainn, an ghlactha nó an fhillte;
 - (c) bearta atá dírithe ar fhreagairt do staid an ionstraimithe, lena n-áirítear bearta sonracha chun tacú le fillleadh, trí bhíthin comhar le tríú tíortha nó for-rochtain chuig tríú tíortha a bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar a náisiúnaigh; nó
 - (d) aon bheart eile a mheastar a bheith leormhaith chun aghaidh a thabhairt ar staid an ionstraimithe agus chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann.
2. An Ballstát atá ag dul i ngleic le staid an ionstraimithe, seolfaidh sé iarraidh chuig an gCoimisiún ar ranníocaíochtaí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta ó Bhallstáit eile ina sonrú na bearta dlúthpháirtíochta atáthar a iarraidh.

3. Gan dochar do na forálacha dlúthpháirtíochta atá i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le géarchéim agus force majeure*], iarrfaidh an Coimisiún, a luaithe is féidir tar éis dó an iarraidh ar bhearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír 2 a fháil, ar Bhallstáit eile rannchuidiú trí bhíthin na mbeart tacaíochta agus dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1 a fhreagraíonn do riachtanais an Bhallstáit atá ag dul i ngleic le staid an ionstraimithe. Comhordóidh an Coimisiún na bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta dá dtagraítear san Airteagal seo.
4. Féadfaidh Ballstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh tacaíocht a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nó ar Europol i gcomhréir lena sainorduithe. De réir mar is iomchuí, féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann cúnadh a mholadh ar a tionscnamh féin i gcomhréir le hAirteagal 16(1)(d) de Rialachán XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann*]. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnadh a mholadh don Bhallstát lena mbaineann i réimse an fhille i gcomhréir le hAirteagail 48, 50, 52 agus 53 de Rialachán (AE) 2019/1896. Féadfaidh Europol cúnadh a mholadh i réimse an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/794.

Airteagal 6

Ráthaíochtaí sonracha

1. I gcás ina bhfuil na maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 agus 4 á gcur i bhfeidhm, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ar an eolas go cuí, i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát nó i dteanga a síltear le réasún go dtuigfidh sé, faoi na bearta atá á gcur i bhfeidhm, faoi shuíomh na bpointí clárúcháin, lena n-áirítear na pointí trasnaithe teorann, a bhfuil rochtain orthu chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú agus a chur isteach, agus faoi fhad na mbeart.
2. An Ballstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, ní cuirfidh sé Airteagail 2, 3 ná 4 i bhfeidhm níos faide ná a bhfuil fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an ionstraimiú imirceach, agus i gcás ar bith, ní cuirfidh sé i bhfeidhm iad níos faide ná an tréimhse a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 7, mír 4.

CAIBIDIL III

Rialacha nós imeachta

Airteagal 7

Nós imeachta um údarú

1. Maidir le Ballstát atá ag dul i ngleic le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bheith ag teacht chuig a theorainn sheachtrach mar thoradh ar ionstraimiú imirceach, féadfaidh sé an t-údarú a iarraidh na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 agus 4 a chur i bhfeidhm.

2. I gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach atá ag dul i ngleic leis an ionstraimiú imirceach, déanfaidh an Coimisiún togra gan mhoill le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3.
3. Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an togra sin mar ábhar práinne agus glacfaidh sí Cinneadh Cur Chun Feidhme lena n-údarófar don Bhallstát lena mbaineann na maoluithe sonracha dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 agus 4 a chur i bhfeidhm.
4. Socrófar leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 an dáta óna bhféadfar na rialacha a leagtar síos in Airteagail 2, 3 agus 4 a chur i bhfeidhm, mar aon leis an tréimhse ama lena gcur i bhfeidhm, ar tréimhse í nach rachaidh thar thréimhse thosaigh sé mhí.
5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar an staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh. I gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí sin, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfar an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 a aisghairm nó Cinneadh Cur Chun Feidhme nua ón gComhairle a ghlacadh lena n-údarófar cur i bhfeidhm na maoluithe sonracha dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 agus 4 a shíneadh ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis shonrach is gá don Choimisiún chun an t-athbhreithniú sin a chur i gcrích agus chun an togra maidir le haisghairm nó le síneadh a dhéanamh mar aon le haon fhaisnéis eile a iarrfaidh an Coimisiún.

Airteagal 8

Comhar agus measúnú

1. An Coimisiún, institiúidí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais Eorpaigh agus an Ballstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, oibreoidh siad i ndlúthchomhar lena chéile agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas go rialta maidir le cur chun feidhme na maoluithe agus na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 7. Leanfaidh an Ballstát lena mbaineann de na sonraí ábhartha go léir a thuairisciú, lena n-áirítear staitisticí atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin seo, tríd an Líonra AE um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce.
2. An Ballstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, áiritheoidh sé dlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha chun na módúlachtaí a chinneadh maidir le tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí i staid an ionstraimithe i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo agus i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*] agus i dTreoir XXX/XXX [*athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha*].

CAIBIDIL IV

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*